# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Staidéar Gnó

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Míniú ar shiombal an nóta mhínithe

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** |
|---|---|
| ✓n | Faisnéis bhailí (n marc) |
| 0 | Gan aon mharc bronnta. Freagra mícheart nó neamhleor. |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéís neamhbailí. |
| OF | Tuilltear marcanna de thoradh fhigiúr an iarrthóra féin. |
| [ | Freagra farasbairr nó cuid de fhreagra. Bronnadh marcanna in áit eile. |


| Roinn A | 90 marc |
|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**Ceist 1**

Sa phíchairt thíos taispeántar caiteachas agus coigilteas mhuintir Uí Mheachair do mhí Mheán Fómhair.




**(i)** Más é €5,400 an t-ioncam iomlán do mhí Mheán Fómhair, ríomh an méid airgid a choiglíonn muintir Uí Mheachair. Scríobh an freagra sa spás atá curtha ar fáil dó.

| Freagra | Obair |
|---|---|
| € 1,512.00 | 5,400 x .28 = €1,512<br>**1m** **1m** **1m** |

**(ii)** Liostaigh **trí** ghnáthfhoinse ioncaim teaghlaigh. **3m**

| |
|---|
| 1.Pá/Tuarastal/Ragobair |
| 2. Sochar Cuardaitheora Poist/Íocaíochtaí Coimirce Sóisialaí |
| 3.Sochar Linbh |
| 4.Pinsean |
| 5. Coimisiún |

**Ceist 2**

Úsáid tic (✓) le léiriú cé acu an sampla de Thaighde Príomhúil (Allamuigh) nó de Thaighde Tánaisteach (Deisce) é gach ceann díobh seo thíos. (Tá ceann amháin díobh comhlánaithe duit.)


| | **Príomhúil (Allamuigh)** | **Tánaisteach (Deisce)** |
|---|---|---|
| Ceistneoir a chur amach | ✓ | |
| Suirbhé ó dhoras go doras a dhéanamh | ✓ | |
| Tuairiscí agus staitisticí a léamh ar líne | | ✓ |
| Fócasghrúpa | ✓ | |

**Ceist 3**

Comhlánaigh an sliocht seo thíos as Nóta Creidmheasa a d'eisigh Cúram Peataí Monty Teo.

| **LÍON** | **TUAIRISC** | **CÓD** | **PRAGHAS AN CEANN** | **IOMLÁN €** |
|---|---|---|---|---|
| 20 | Cróite Madraí | DK100 | 100 | 2,000 |
| | Cúis: Damáistithe faoi bhealach | | | |
| | | | Iomlán (gan CBL san áireamh) | 2,000 |
| | Carraeireacht Íoctha E & MG | | Lascaine thrádála @ 10% | 200 **2m** |
| | | | Fo-iomlán | 1,800 **1m F.F.** |
| | | | CBL @23% | 414 **2m F.F.** |
| | | | Iomlán (CBL san áireamh) | 2,214 **1m F.F.** |

**Ceist 4**




Fiontraí as Tiobraid Árann is ea Éamonn Ó Dónaill.
Ón mbliain 2007 déanann sé criospaí as prátaí a fhásann sé ar a fheirm féin.

Mínigh an téarma fiontraí.

Duine a sheasann chun tosaigh, a bhunaíonn gnó, a fheiceann bearna sa mhargadh agus a mbaineann leas aisti, a ghlacann riosca pearsanta agus airgeadais sa tsúil go ndéanfar brabús.

e.g. Fiontraí é Ed O Donnell a dhéanann criospaí i dTiobraid Árann.

**Ceist 5**




Tabhair breac-chuntas ar **dhá** cheart atá ag tomhaltóirí agus iad ag siopadóireacht ar líne.

| | |
|---|---|
| 1. | An ceart chun cúitimh/aisíocaíochta/athsholáthair/deisiúcháin i gcás earraí lochtacha. |
| 2. | An ceart chun d'intinn a athrú/ cealú / tréimhse shuaimhnithe 14 lá. |
| 3. | An ceart go mbeadh na sonraí pearsanta go léir a úsáidtear ar líne slán/sábháilte. |
| 4. | An ceart chun aisíocaíochta i gcás earraí moillithe nó i gcás nach ndéantar earraí a sheachadadh. |
| 5. | Eolas tar éis ceannaigh ní mór duit cóip a fháil den chonradh sínithe/den fháltas nó den dearbhú/ údarú/ orduimhir do cheannacháin. |

**Ceist 6**

Cóirthrádáil Fyffes
€1.99 an kg



Neamh-chóirthrádáilFyffes
€1.39 an kg



Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a gceannódh tomhaltóir táirgí Cóirthrádála, ó tharla go bhfuil táirgí Cóirthrádála níos costasaí. curtha in oiriúint ó thecai.ie

| | |
|---|---|
| 1. | Cuireann trádáil chóir chun cinn pá cóir agus feabhsaíonn/méadaíonn sé sin an caighdeán maireachtála d'fheirmeoirí/do tháirgeoirí/d'oibrithe |
| 2. | Cuireann trádáil chóir chun cinn coinníollacha córa oibre agus feabhsaíonn/méadaíonn sé sin an caighdeán maireachtála d'fheirmeoirí/do tháirgeoirí/d'oibrithe |
| 3. | Earraí ardchaighdeáin/De chaighdeán níos airde a mheasann custaiméirí a thugann luach ar airgead/ lena dtugtar níos mó sásaimh don tomhaltóir |
| 4. | Tá an trádáil chóir níos fearr don timpeallacht mar go gcuireann sé chun cinn táirgeadh earraí inbhuanaithe/an talmhaíocht. |

**Ceist 7**

Comhardaigh an cuntas bainc seo a leanas agus tabhair anuas an t-iarmhéid ag deireadh na míosa.

| Dr | | **Cuntas Bainc** | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
| 2023 | | € | 2023 | | € |
| Bealtaine 1 | Iarmhéid t/a | 450 | Bealtaine 9 | Tuarastal | 465 |
| 16 | Díolacháin airgid thirim | 640 | 23 | Ceannacháin airgid | 345 |
| | | | **(1m)** 31 | Iarmhéid t/s | 280 **(1m)** **F.F.** |
| | | 1,090 **(1m)** | | | 1,090 **(1m)** |
| 1/6 (**1m**) | | 280 **(1m)** **F.F.** | | | |

**Ceist 8**

Sampla d'fhiontar cultúrtha is ea Féile Ealaíon na Gaillimhe agus bíonn sí ar siúl i mí Iúil. San áireamh i gclár na féile bíonn saothar Éireannach agus idirnáisiúnta ar ardchaighdeán, a chuimsíonn amharclannaíocht, ceol, coiméide, amharc-ealaíona, ceoldrámaíocht, taispeántais sráide, damhsa, plé agus coiméide.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil an fiontar cultúrtha tábhachtach sa tsochaí.

| |
|---|
| 1. Mothú mhórtas pobail a mhéadaíonn/a fheabhsaíonn folláine |
| 2. Turasóirí a tharraingt chuig ceantar áitiúil, rud a mhéadaíonn sreabhadh airgid |
| 3. Fostaíocht a chruthú le haghaidh ceantair áitiúil, rud a mhéadaíonn an caighdeán maireachtála do mhuintir na háite. |
| 4. Cuirtear fostaíocht ar fáil i gceantar áitiúil, rud a mhéadaíonn spiorad an phobail |
| 5. Cabhraíonn sé leis an gcultúr/le traidisiúin (ón am atá thart) a chur chun cinn/imeacht áitiúil a urrú i.e. Féile Ealaíon na Gaillimhe |

**Ceist 9**

**(i)** Comhlánaigh an cumasc margaíochta thíos leis na gnéithe atá ar iarraidh**.**

| | |
|---|---|
| **1. Táirge** | **2. Praghas** |
| **Cumasc Margaíochta** | |
| **3. Promóisean** | **4 Áit** |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chúinse **amháin** ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige faoin áit a ndíolfar a tháirge/sheirbhís. **(3m)**

| |
|---|
| Nádúr an táirge/ an cineál táirge, i.e. an lobhann an t-earra? |
| Spriocmhargadh/Ionad nó nádúr an spriocmhargaidh m.sh. déimeagrafaic/ aois/ioncam/réimsí spéise |
| Costas iompair an táirge. |
| An cainéal díolacháin ceart a roghnú le húsáid i.e, ar líne |

**Ceist 10**

Ainmnigh **trí** chineál árachais a d'fhéadfadh teaghlach a cheannach.

| |
|---|
| 1. Mótar/Carr/Veain/Feithicil |
| 2. Teach/Teach Cónaithe/Foirgnimh/Réadmhaoin |
| 3. Sláinte |
| 4. Peata |
| 5. Taisteal |
| 6. Déadach |

**Ceist 11**

Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann le gnólacht as bheith ag athchúrsáil.

| |
|---|
| 1. Laghdaítear costas amhábhar, rud a mhéadaíonn brabúsacht. |
| 2. Féadann an athchúrsáil cabhrú le cultúr dearfach a chothú san áit oibre, rud a chuireann le meanma foirne níos fearr. |
| 3. Deontais a fháil/rochtain a fháil ar dheontas mar shampla deontas a fháil le haghaidh painéal gréine. |
| 4. D'fhéadfadh an chuideachta a gcuid táirgí athchúrsáilte a úsáid, rud a laghdóidh costais ghnó. |

**Ceist 12**

Mínigh **dhá** chúis a ndéanann Éire trádáil le tíortha eile.

| |
|---|
| 1. Cistí a ghiniúint le híoc as allmhairí |
| 2. Margadh intíre beag, tugann an trádáil idirnáisiúnta rochtain do ghnóthais na hÉireann ar mhargadh mór. |
| 3. Earraí/seirbhísí a fháil nach bhfuil ar fáil sa tír/ rogha níos mó do thomhaltóirí mar shampla, ola, caife, bananaí. |
| 4. Comhardú na n-Íocaíochtaí/An Trádáil a fheabhsú. |
| 5. Rochtain ar earraí níos saoire in áit iad a dhéanamh sa tír. |
| 6. Tógann sé ioncam go hÉirinn trí chaidreamh trádála le tíortha eile agus cuireann sé borradh faoin ngeilleagar. |
| 7. Cruthaíonn sé Fostaíocht a mbaineann an Rialtas tairbhe dhíreach aisti tríd an gcánachas. |

**Ceist 13**

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a léiriú cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo thíos.

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Ba cheart go mbeadh cuspóirí agus spriocanna na cuideachta san áireamh i bPlean Gnó. | ✓ | |
| Éilíonn an rialtas go gcuirfeadh gach cuideachta Plean Gnó ar fail. | | ✓ |
| Ba chóir sonraí faoi iomaitheoirí na cuideachta a bheith i bPlean Gnó. | ✓ | |

**Ceist 14**



**In 2023 tá comóradh 50 bliain á dhéanamh ar bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach.**

Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíoch **amháin** agus ar bhuntáiste sóisialta **amháin** a bhaineann Éire as bheith ina ball den Aontas Eorpach.

| |
|---|
| **Buntáiste eacnamaíoch:** Rochtain ar an Margadh Singil/ An Bloc Trádála is mó ar an domhan/soláthraíonn do shaorghluaiseacht earraí/seirbhísí/caipitil/saothair/ déanann sé Éire níos tarraingtí don Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC). |
| **Buntáiste sóisialta:** Cosaint Tomhaltóra níos fearr do Shaoránaigh na hÉireann/níl aon táillí fánaíochta ag saoránaigh na hÉireann /Rialachán AE le saoire aithreachais/Íosphá/ Féadann saoránaigh Éireannacha cónaí/ oibriú / staidéar a dhéanamh i dTír AE ar bith gan víosaí/ Cárta Sláinte Idirnáisiúnta na hÉireann a chabhraíonn le daoine i dtíortha AE le cuairteanna ospidéil/leighis. |

**Ceist 15**

Ba mhaith le Máire teilifís chliste a cheannach. Tá praghas €1,000 ar an teilifís ba mhaith léi a cheannach.
Chonaic sí an t-eolas seo a leanas ar www.ccpc.ie.

| Iasacht Bhainc |
|---|
| **Iasacht Phearsanta €1,000**<br><br>**Aisíocaíochtaí 12 mhí @ €87.24** |

Tá sé beartaithe ag Máire an iasacht a fháil ón mbanc.

Ríomh an t-ús agus costas iomlán na teilifíse do Mháire ón eolas a thugtar thuas.

| | |
|---|---|
| Cé mhéad a íocfaidh Máire ar an teilifís san iomlán? | **€ 1,046.88 3m** |
| Cé mhéad úis a íocfaidh Máire? | **€ 46.88 3m F.F.** |

Obair:
12 x 87.24 = 1,046.88 agus 1,046.88 – 1,000 = 46.88
**1m 1m 1m 1m 1m 1m F.F**

| Roinn B | 180 marc |
|---|---|

**Freagair na 3 cheist go léir**.

**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**Ceist 16**

**(a)** Tá Máirtín Ó Riain 18 mbliana d'aois agus tá sé díreach tar éis an Ardteistiméireacht a dhéanamh. Tá súil aige dul ar an gcoláiste i mí Mheán Fómhair chun staidéar a dhéanamh ar Chuntasaíocht.

Tá post páirtaimseartha aige san ollmhargadh áitiúil. Teastaíonn uaidh airgead a shábháil chun cabhrú le costais an choláiste.

**(i)** Mínigh **dhá** cheart agus freagracht **amháin** atá ag/ar Martin mar fhostaí. **(9m)**

| **Cearta** |
|---|
| 1. Chun conradh fostaíochta. |
| 2. Pá cóir lae a fháil as lá cóir oibre. |
| 3. An t-íosphá a fháil ar a laghad. |
| 4. Oibriú i dtimpeallacht shábháilte agus fholláin. |
| 5. Ballraíocht a ghlacadh i gceardchumann. |
| 6. Sosanna le linn uaireanta oibre/teidlíochtaí saoire. |
| 7. De réir RGCS-tá sé de cheart ag Martin go mbeadh a chuid sonraí pearsanta slán. |
| 8. Déileáil chomhionann a fháil, le meas agus dínit. |
| **Freagracht** |
| 1. Bheith macánta agus iarratas á dhéanamh ar phost. |
| 2. Comhoibriú le comhfhostaithe. |
| 3. Cloí le beartais na cuideachta agus le nósanna imeachta comhaontaithe sula nglactar gníomhaíocht thionsclaíoch. |
| 4. Aird a thabhairt ar réadmhaoin an fhostóra. |
| 5. Lá cóir oibre a dhéanamh as pá cóir lae. |
| 6. Gan faisnéis rúnda a nochtadh. |

Ba mhaith le Máirtín dul ar saoire lena chairde ag deireadh an tsamhraidh. Tá spéis aige, freisin, ríomhaire glúine a cheannach a bheadh úsáideach agus é ar an gcoláiste i mí Mheán Fómhair. Taispeántar a dhá rogha thíos:

| **Rogha 1** | **Rogha 2** |
|---|---|
| Saoire sa Spáinn €450 | Ríomhaire glúine €450 |

Shocraigh Máirtín an ríomhaire glúine a cheannach.

**(ii)** Sainaithin an costas airgeadais agus an deischostas a bhaineann leis an rogha a rinne

| |
|---|
| **Costas Airgeadais:**€450 **3m** |
| **Deischostas:** Saoire sa Spáinn **3m** |

**(b)** Bhí Máirtín ag obair san ollmhargadh áitiúil. **(9m)**

Tugadh an t-eolas seo a leanas duit maidir lena thuarastal:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Seachtain oibre | 39 uair | Uaireanta a oibríodh: | 45 uair |
| ÍMAT: | 20% | Ráta pá san uair: | €10 |
| ÁSPC: | 4% | Ráta ragoibre: | Am go leith |
| MSU: | 2% | Creidmheas Cánach: | €34 |

**(i)** Úsáid an t-eolas thuas chun duillín pá Mháirtín a chomhlánú thíos.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm** | Martin Ryan | **Uimh. na seachtaine** | 16 |
| **UPSP** | 2284381GA | **Dáta** | 26 Aibr 2023 |
| Bunúsach | € 390 **1m** | ÍMAT | € 62.00 **2m F.F** |
| Ragobair | € 90 **1m** | ÁSPC | € 19.20 **1m F.F** |
| | | MSU | € 9.60 **1m F.F** |
| **Pá Comhlán** | € 480 **1m F.F** | **Asbhaintí Iomlána** | € 90.80 **1m F.F** |
| | | **Pá Glan** | € 389.20 **1m F.F** |

| Obair: | | | |
|---|---|---|---|
| Bunúsach agus Ragobair | ÍMAT agus Creidmheas Cánach | ÁSPC | MSU |
| 39x€10=€390<br>6 x €15 = €90<br>€390 + €90 = €480 **F.F** | €480 x .20 = €96 **F.F**<br><br>€96 - €34 = €62 **F.F** | €480 x .04= €19.20 **F.F** | €480 x .02 = €9.60 **F.F** |

Oibríonn Máirtín go deonach lena chlub CLG áitiúil i rith an tsamhraidh.

**(ii)** Sainaithin **trí** thairbhe a bhaineann Máirtín as bheith ag obair go deonach lena chlub CLG áitiúil, Raonaithe an Chnoic. **(6m)**

| |
|---|
| 1. Cabhraíonn sé leis bheith páirteach sa phobal agus d'fhéadfadh go ndéanfadh sé cairde. |
| 2. Cabhraíonn sé le Martin scileanna nua a fhorbairt/taithí nua a fháil. |
| 3. Rud éigin ar féidir leis a chur ina CV. |
| 4. Tugann sé mothú folláine/sásaimh phearsanta. |
| 5. Neartaíonn sé a cheangail leis an bpobal. |

**(iii)** Déan idirdhealú idir fostaíocht **agus** saorálaíochas le haghaidh Martin. **(2m)**

| |
|---|
| I gcás na fostaíochta íoctar as obair a dhéanamh.<br>Ní thugtar íocaíocht do shaorálaithe. |
| Tá difríochtaí i gceist freisin maidir le Am/Conradh/Spreagadh/Brabús. |

**(c)** Ullmhaíonn club CLG Raonaithe an Chnoic buiséad sreabhaidh airgid gach bliain.

**(i)** **Comhlánaigh** an buiséad sreafaí airgid thíos ó na sonraí seo a leanas:

**Caiteachas Measta**:

- Ceannacháin; Meitheamh €172, Iúil €58, Lúnasa €135
- Trealamh nua; Meitheamh €450
- Costais riaracháin; Meitheamh €20, Iúil €26, Lúnasa €18 **(25m)**

| **Buiséad Sreabhaidh Airgid Raonaithe an Chnoic** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Sonraí | Meit<br>hea<br>mh | Iúil<br>€ | Lúnasa<br>€ | Iomlán<br>(Meitheam<br>h- Lúnasa) |
| Fáltais | | | | |
| Deontas | 250 | 250 | 250 | 750 |
| Tiomsú Airgid | 150 | 350 | 250 | 750 |
| Fáltais Iomlána | 400 | 600 | 500 | 1,500 |
| Íocaíochtaí | | | | |
| Ceannacháin | 172 **1m** | 58 **1m** | 135 **1m** | 365 **1m** |
| Trealamh nua | 450 **1m** | | | 450 **1m** |
| Riarachán | 20 **1m** | 26 **1m** | 18 **1m** | 64 **1m** |
| Íocaíochtaí | 642 **1m** | 84 **1m** | 153 **1m** | 879 **1m** |
| Airgead glan | (242) **1m F.F** | 516 **1m F.F** | 347 **1m F.F** | 621 **1m F.F** |
| Airgead tosaigh | **175** | (67) **1m F.F** | 449 **1m F.F** | 175 **1m** |
| Airgead deiridh | (67) **1m F.F** | 449 **1m F.F** | 796 **1m F.F** | 796 **1m** |

**(ii)** Bunaithe ar an mbuiséad sreafaí airgid thuas, cén chomhairle a thabharfá don chlub faoina staid airgid dheiridh i mí an Mheithimh? **(3m)**

| |
|---|
| **Comhairle:** Seachain easnamh ag deireadh mhí an Mheithimh tríd na híocaíochtaí as an trealamh nua a dhéanamh ina ngálaí thar roinnt míonna/ Faigh rótharraingt bhainc/ |
| Beartaigh tionscnamh breise tiomsaithe airgid le haghaidh mhí an Mheithimh/ Déan iarratas ar dheontais nua/féach timpeall sna siopaí le haghaidh margaí níos fearr/ |
| Moilligh/ Laghdaigh/ Cuir siar íocaíocht as ceannacháin i mí an Mheithimh. Iarr tréimhse chuí cairde. |

**Ceist 17**

Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as leabhair Cupán Eco Teo ar an 31/12/2022, deireadh a bhliana airgeadais.
Is é an scairchaipiteal údaraithe ná 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| **Comhardú Trialach de chuid Cupán Eco Teo. mar a bhí ar 31/12/2022** | | |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin | | 268,600 |
| Ceannacháin | 121,000 | |
| Carraeireacht isteach | 9,000 | |
| Stoc 01/01/2022 | 14,000 | |
| Árachas | 6,600 | |
| Fógraíocht | 42,400 | |
| Tuarastal | 52,000 | |
| Solas agus teas | 15,000 | |
| Foirgnimh | 274,000 | |
| Trealamh | 92,800 | |
| Airgead | 21,600 | |
| Díbhinní a íocadh | 9,200 | |
| Féichiúnaithe | 20,000 | |
| Creidiúnaithe | | 14,000 |
| Rótharraingt bhainc | | 7,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2022 | | 48,000 |
| Scairchaipiteal eisithe | | 340,000 |
| | 677,600 | 677,600 |

| | |
|---|---|
| Tugtar an t-eolas seo a leanas freisin:<br><br>Stoc 31/12/2022: €25,000<br><br>Dímheas: Foirgnimh 2%<br>Trealamh 20% | €274,000 **1m** x .02 **1m**= €5,480<br><br>€92,800 **1m** x .20 **1m**= €18,560 |

**(a)** Comhlánaigh an Ráiteas Ioncaim de chuid Cupán Eco Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2022. **(18m)**

| **Ráiteas Ioncaim de chuid Cupán Eco Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2022** | | | |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Díolacháin | | | 268,600 |
| Lúide costais díolachán | | | |
| Stoc 01/01/2022 | | 14,000 | |
| Ceannacháin | | 121,000 | |
| Carraeireacht isteach | | 9,000 | |
| | | 144,000 | |
| Lúide stoc 31/12/2022 | | 25,000 | 119,000 |
| Brabús Comhlán | | | 149,600 |
| Lúide Speansais **1m** | | | |
| Árachas | | 6,600 **1m** | |
| Fógraíocht | | 42,400 **1m** | |
| Tuarastal | | 52,000 **1m** | |
| Solas agus Teas | | 15,000 **1m** | |
| Dímheas ar Fhoirgnimh | 5,480 3m **F.F** | | |
| Dímheas ar Threalamh | 18,560 3m **F.F** | 24,040 | |
| Speansais Iomlána | | | 140,040 |
| Glanbhrabús **1m** | | | 9,560 **2m FF** |
| Lúide Díbhinn Íoctha | | | 9,200 **1m** |
| | | | 360 |
| Suimigh Iarmhéid brabúis agus Caillteanais ar 01/01/22 /Cúlchistí oscailte | | | 48,000 **1m** |
| Iarmhéid B&C 31/12/22/ Cúlchistí deiridh/brabús/tuilleamh coinnithe **1m** | | | 48,360 **1m FF** |

**(b)** Ullmhaigh an Ráiteas ar Staid an Airgeadais do Chupán Eco Teo. mar a bhí ar 31/12/2022. **(24m)**

| **Ráiteas ar Staid Airgeadais Cupán Eco Teo. mar a bhí ar 31/12/2022** | | | |
|---|---|---|---|
| | Costas | Dímheas | Glanluach de réir na leabhar |
| **Sócmhainní Seasta 1m** | € | € | € |
| Foirgnimh | 274,000 **1m** | 5,480 **1m FF** | 268,520 **1m FF** |
| Trealamh | 92,800 **1m** | 18,560 **1m FF** | 74,240 **1m FF** |
| | 366,800 | 24,040 | 342,760 |
| Sócmhainní Reatha **1m** | | | |
| Airgead | 21,600 **1m** | | |
| Féichiúnaithe | 20,000 **1m** | | |
| Stoc deiridh 31/12/22 | 25,000 **1m** | 66,600 | |
| **Dliteanais Reatha/Méideanna creidiúnaí dlite laistigh de 1 bhliain 1m** | | | |
| Creidiúnaithe | 14,000 **1m** | | |
| Rótharraingt Bhainc | 7,000 **1m** | 21,000 | |
| **Caipiteal Oibre 1m** | | | 45,600 **1m FF** |
| **Glansócmhainní Iomlána 1m** | | | 388,360 **1m FF** |
| **Maoinithe ag: 1** | Údaraithe | Eisithe | |
| Gnáth-scaircaipiteal eisithe €1 Gnáthscaireanna | 600,000 **1m** | 340,000 **1m** | |
| Iarmhéid Brabúis & Caillteanais 31/12/22/ Cúlchistí deiridh/ Tuilleamh coinnithe | | 48,360 **1m OF** | |
| **Caipiteal in Úsáid 1m** | | | 388,360 **1m FF** |

**(c)** Tá Cupán Eco Teo. ag iarraidh síneadh mór a chur leis an bhfoirgneamh atá acu.

**(i)** Mol foinse oiriúnach airgeadais amháin a d'fhéadfadh Cupán Eco Teo. a úsáid chun an síneadh sin a mhaoiniú. Tabhair cúis le do fhreagra.

| |
|---|
| **Foinse oiriúnach airgeadais:** Iasacht fhadtéarmach / Deontas / Scaireanna / Cúlchistí **(2m)** |
| **Cúis: (4m)**<br>1. Ní mór go mbeadh comhthaobhacht/urrús ag gabháil le hIasacht Fhadtéarmach, tá sé níos sine ná 5 bliana gan chaolú ar rialú. |
| 2. Déan iarratas ar Dheontas, foinse airgeadais é sin atá os cionn 5 bliana agus nach gá a aisíoc ach a thagann le coinníollacha. |
| 3. Is féidir le Cupán Eco Ltd €260,000 a ardú trí scaireanna breise a eisiúint. I gcaitheamh 5 bliana & ní bheadh orthu ús a íoc ar an bhfoinse sin airgeadais |
| 4. D'fhéadfadh Cupán Eco a chuid cúlchistí/tuillimh choinnithe féin a úsáid le cabhrú leis an tionscadal méadaithe a mhaoiniú. Ní gá dóibh iasacht a fháil ná ús a íoc, ní mhaolaítear rialú, nó ní gá aon urrús. |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe eacnamaíocha a bhaineann rialtas na hÉireann as an rath atá ar chuideachtaí amhail 'Cupán Eco Teo.' **(6m)**

| |
|---|
| 1. Gineann sé níos mó fostaíochta, rud a chuireann le laghdú ar laghdú ar Íocaíochtaí Coimirce Sóisialaí agus níos mó cánach ioncaim le bailiú ó oibrithe. |
| 2. Bailítear níos mó Cánach Corparáide/C.B.L agus méadaíonn sé sin Ioncam an Rialtais. |
| 3. Cruthaítear cultúr fiontraíochta i nGeilleagar na hÉireann, rud a mhéadaíonn líon na gcuideachtaí nua. Beidh ioncam rialtais méadaithe mar thoradh ar seo. |
| 4. Níos mó fothairbhí a ghineann fostaíocht, rud a chuireann le hioncam méadaithe. |

**(iii)** "Coincheap is ea freagracht shóisialta chorparáideach trína ndéanann gnólachtaí agus eagraíochtaí eile a bhfreagrachtaí sóisialta agus comhshaoil a chomhtháthú ina ngnáthimeachtaí gnó agus déantar cinntí gnó agus ceisteanna inbhuanaitheachta níos leithne á gcur san áireamh.'' – An Rionn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Eanáir 2023.





Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhreagracht shóisialta atá ar Chupán Eco Teo. i leith an phobail áitiúil. **(6m)**

| |
|---|
| 1. Tacú le carthanais áitiúla le ranníocaíochtaí airgid/Tacú le carthanais a roghnaigh fostaithe na cuideachta. |
| 2. Imeacht/grúpa pobail áitiúil a urrú. |
| 3. Fostaíocht áitiúil a thabhairt nó soláthraithe áitiúla a úsáid áit is féidir. |
| 4. Gan truailliú / plúchadh tráchta/ Tacú leis an aeráid sa cheantar áitiúil. |

**Ceist 18**

Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh a dhéanann tomhas ar bhoilsciú in Éirinn.

**(a)** Agus an t-eolas a thugtar thíos á úsáid agat, freagair na ceisteanna a leanann é.




curtha in oiriúint ó cso.ie

**(i)** Sainaithin cé acu catagóir earraí agus seirbhísí ina léirítear an méadú is mó ar phraghas. **(5m)**

| |
|---|
| Tithíocht, Uisce, Leictreachas, Gás agus Breoslaí |


**(ii)** Breac síos tomhas oifigiúil an bhoilscithe in Éirinn. **(3x1m)**

| | | |
|---|---|---|
| Innéacs | Praghas | Tomhaltóra |

**(iii)** Mínigh tionchar amháin a d'fhéadfadh a bheith ag leibhéal boilscithe atá ag ardú ar dhuine aonair agus ar gnólacht i do cheantar áitiúil. **(4m)**

| |
|---|
| **Duine aonair:**<br>Laghdaíonn sé cumhacht caithimh duine/ níos lú airgid le caitheamh/ deacrachtaí le billí a íoc |
| Méadú ar chostas maireachtála, rud a laghdódh caighdeán maireachtála duine/ |
| Féadann sé athruithe a dhéanamh ar bhuiséad duine/Strus pearsanta a mhéadú/ dul i bhfeidhm ar fholláine. |
| **Gnólacht i do cheantar áitiúil** |
| D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach praghsanna earraí agus seirbhísí a ardú/D'fhéadfadh nach mbeadh gnólacht chomh hiomaíoch agus praghsanna ag dul in airde/ Féadann sé tionchar a imirt ar bhuiséid gnólachta. |
| Méadú ar chostais agus bíonn ar ghnólachtaí a gcuid praghsanna a mhéadú m.sh. Costais bhreosla níos airde le híoc ag cuideachta bus áitiúil agus bíonn uirthi táillí custaiméara a ardú dá bharr/ Cuireann éiginnteacht, luaineacht le laghdú ar infheistíocht chaipitiúil. |

**(b)** Apple iPhone 14




**(i)** Úsáid an léaráid thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas. Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh. **(9m)**

| | |
|---|---|
| Léirigh an chainníocht chothromaíochta a éilítear ar an 'Apple iPhone 14'. | 80 m Aonad |
| Léirigh praghas cothromaíochta an 'Apple iPhone 14'. | € 1,000 |
| Léirigh an chainníocht a éilítear ar 'Apple iPhone 14' ag €1,600. | 20 m Aonad |

**(ii)** Mínigh an téarma earra ionaid agus tabhair sampla d'earra ionaid i gcás an 'Apple iPhone 14'

| |
|---|
| Míniú: **(3m)** |
| Is é atá in earraí Ionaid ná earra malartach/cosúil/athsholáthair a d'fhéadfaí a úsáid don chuspóir céanna. |
| Mar shampla: **(1m)** |
| Samsung Galaxy, Google Pixel 7, Google Pixel 6a, Android, iPhone 13, iPad, laptop |


**(iii)** Dá mbeadh laghdú ar sholáthar an Apple iPhone, cén tionchar a bheadh aige sin ar phraghas an Apple iPhone? Tabhair cúis le do fhreagra. **(5m)**

| | |
|---|---|
| **Tionchar:** Mhéadófaí praghsanna. | |
| **Cúis:** | Mar gheall ar an laghdú ar sholáthar, méadófar praghsanna mar thoradh ar ghanntanas/neamhchoitiantacht/ níos lú earraí a bheith ar fáil. |

**(iv)** Cén tionchar a bheadh ag gach ceann acu seo thíos ar sholáthar an Apple iPhone 14? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart. **(9m)**

| | Soláthar méadaithe den Apple iPhone 14 | Soláthar laghdaithe den Apple iPhone 14 |
|---|---|---|
| Laghdú ar an gcostas a bhaineann leis an Apple iPhone 14 a tháirgeadh | ✓ | |
| Gníomhaíocht Thionsclaíoch ag fostaithe Apple | | ✓ |
| Shéid stoirm an díon de mhonarcha a tháirgeann an Apple iPhone 14 | | ✓ |

**(c)** Cuireadh na figiúirí thíos i láthair do thír ar lá an bhuiséid mar réamh-mheastacháin don bhliain dár gcionn.




**(i)** Agus an t-eolas ón bpíchairt thuas á úsáid agat, ullmhaigh an Buiséad Náisiúnta don bhliain dár gcionn.

| **Buiséad Náisiúnta don bhliain** | | |
|---|---|---|
| | € Billiún | € Billiún |
| Ioncam | | 105 |
| Caiteachas | | |
| Sláinte | 24 **1m** | |
| Feidhm iompair | 4 **1m** | |
| Eile: | 17 **1m** | |
| Coimirce Shóisialach | 23 **1m** | |
| Oideachas | 10 **1m** | |
| Ceartas | 3 **1m** | |
| Seirbhísiú ar fhiachas agus Íocaíochtaí AE | 14 **1m** | |
| Caiteachas Iomlán | | 95 **1m** |
| | Freagra: | € 10 **1m F.F.** |

| | |
|---|---|
| An buiséad easnaimh **nó** buiséad barrachais é buiséad an rialtais don bhliain? | Barrachas **2m F.F.** |

**(ii)** Agus píchairt an Chaiteachais Phleanáilte don Bhuiséad Náisiúnta ar an leathanach roimhe seo á húsáid agat, sainaithin an earnáil a mbeartaíonn an rialtas an chuid is mó den airgead a chaitheamh uirthi an bhliain seo chugainn. **(4m)**

| |
|---|
| Sláinte |

**(iii)** I gcás go mbeadh barrachas sa Bhuiséad Náisiúnta, cuir comhairle ar an Aire Airgeadais maidir le cad ba cheart a dhéanamh leis an mbarrachas airgid? **(2m)**

| |
|---|
| Cuid den Fhiachas Náisiúnta a aisíoc. |
| Caiteachas an Rialtais a mhéadú ar Roinn Rialtais ar bith m.sh. Oideachas. |
| Cuid den bharrachas a úsáid le seirbhísí poiblí a fheabhsú e.g. níos mó ospidéal a thógáil agus níos mó dochtúirí a fhostú |
| An t-airgead barrachais a infheistiú. |

**(iv)** Sainaithin sampla **amháin** de chaiteachas caipitiúil agus sampla **amháin** de chaiteachas reatha don Roinn Oideachais. **(4m)**

| |
|---|
| Caiteachas caipitiúil: Scoileanna/coláistí a thógáil/trealamh scoile a cheannach, cathaoireacha scoile/boird scoile. |
| Caiteachas reatha: Pá múinteoirí/ foirne/ léachtóirí/cúntóirí riachtanas speisialta a íoc. |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 270 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 270 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 202 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 203 | 20 |
| 204 - 206 | 19 |
| 207 - 210 | 18 |
| 211 - 213 | 17 |
| 214 - 216 | 16 |
| 217 - 220 | 15 |
| 221 - 223 | 14 |
| 224 - 226 | 13 |
| 227 - 230 | 12 |
| 231 - 233 | 11 |
| 234 - 236 | 10 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 237 - 240 | 9 |
| 241 - 243 | 8 |
| 244 - 246 | 7 |
| 247 - 250 | 6 |
| 251 - 253 | 5 |
| 254 - 256 | 4 |
| 257 - 260 | 3 |
| 261 - 263 | 2 |
| 264 - 266 | 1 |
| 267 - 270 | 0 |
| | |